Ard-Mhúsaem na hÉireann
National Museum of Ireland

museum

Post oscailte

# Oifigeach Saoráidí – Speisialtóir Saoráidí

## Cléireach Oibreacha Sinsearach, Lánaimseartha, Post Buan

—

Dún Uí Choileáin, Baile Átha Cliath 7

---

**Dáta Deiridh le haghaidh Iarratais**

**Dé hAoine, an 14 Samhain 2025**

…

**Ní mór iarratais a bheith faighte tráth nach déanaí ná 17:00. Ní ghlacfar le foirmeacha iarratais déanacha.** Cloífear leis an dáta agus an t-am go dian, agus dá bhrí sin, tá an fhreagracht ar an iarrthóir a chinntiú go bhfaightear an t-iarratas roimh an spriocdháta.

Tá **Ard-Mhúsaem na hÉireann (AMÉ)** ag lorg iarratas ó iarrthóirí oiriúnacha chun an post seo a leanas a líonadh: **Oifigeach Saoráidí, Speisialtóir Saoráidí (Cléireach Oibreacha Sinsearach)** in Ard-Mhúsaem na hÉireann. Is post lánaimseartha ar chonradh buan an post seo agus líonfar é trí agallaimh iomaíocha oscailte.

**Cuspóir an Phoist**
Glacann an tOifigeach Saoráidí, Speisialtóir Saoráidí le ról ríthábhachtach i dtaobh éifeachtúlacht agus sábháilteacht oibríochtúil roinnt suíomhanna an mhúsaeim a chinntiú.
Tá an post seo freagrach as saincheisteanna cothabhála coiscthí agus neamhsceidealaithe a bhainistiú, as feidhmíocht conraitheoirí, agus as a chinntiú go mbaineann gach saoráid ardchaighdeáin feidhmiúlachta agus sábháilteachta amach.

Comhoibreofar go dlúth sa ról leis an mBainisteoir Saoráidí le comhlíonadh reachtúil agus rialála i gceisteanna a bhaineann le saoráidí a chinntiú. De bhreis air sin, comhoibreoidh an tOifigeach Saoráidí – Speisialtóir Saoráidí go dlúth leis an mBainisteoir Ceannaigh chun cabhrú le gníomhaíochtaí soláthair, agus a chinntiú go go ndéantar earraí agus seirbhísí riachtanacha a fháil go héifeachtúil. Comhoibrítear sa ról le gach ról eile de chuid Eastáit AMÉ, go háirithe Fáilteachas, Sláinte agus Sábháilteacht, Slándáil, agus Inbhuanaitheacht.

Tacófar sa ról le hocht suíomh an mhúsaeim chun dul i ngleic le riachtanais faoi leith chothabhála agus oibríochtaí réidhe a éascú. Déanfaidh an t-iarrthóir rathúil dúshláin chomhlíonta agus chothabhála a shainaithint go réamhghníomhach agus réitigh éifeachtacha a chur i bhfeidhm, a chuireann, leis sin, le haire a thabhairt do bhailiúcháin agus leis an eispéireas cuartaíochta is fearr.

<u>**TREORACHA AN IARRATAIS**</u>

Cuirtear iarratais isteach ar an gcuid folúntas de **shuíomh gréasáin Ard-Mhúsaem na hÉireann**: https://www.museum.ie/en-IE/About/Careers/Vacancies

Is gá d'iarrthóirí an fhoirm iarratais chomhlánaithe, CV cothrom le dáta, agus litir chumhdaigh a chur isteach. <u>**Iarraimid ar iarrthóirí go gcuirtear na trí cháipéis ar fad le chéile agus iad a chur isteach ar PDF aonair amháin.**</u>

Ní mór an fhoirm iarratais a líonadh isteach go hiomlán agus í a chur isteach i gclóscríbhinn. Ní ghlacfar le hiarratais lámhscríofa agus iarratais atá san fhormáid mhícheart. Mura ndéanann tú amhlaidh, beidh an t-iarratas neamhiomlán, agus ní bhreithneofar é.

Chun tús a chur leis an bpróiseas iarratais, tabhair cuairt ar ár leathanach Folúntais.

<u>Céimeanna le clárú:</u>

- Téigh go dtí an leathanach Folúntais agus roghnaigh an post atá tú ag iarraidh cur isteach air.
- Léigh an Leabhrán Eolais le haghaidh sonraí iomlána maidir leis an bpost.

- Tá na cáipéisí atá ag teastáil le haghaidh d'iarratais le feiceáil ar an leathanach sin mar naisc.
- Cliceáil gach cáipéis, agus osclóidh sé i bhfuinneog nua. Déan gach cáipéis a íoslódáil/shábháil ar do ríomhaire/ghléas.
- Líon amach na cáipéisí atá ag teastáil agus cuir le chéile iad i **PDF aonair amháin** mar aon le do CV agus litir chumhdaigh.
- Nuair atá sé sin críochnaithe, téigh ar ais go dtí suíomh gréasáin NMI chun an próiseas iarratais a chur i gcrích.
- Arís, ón leathanach Folúntais, aimsigh an post atá tú ag iarraidh cur isteach air.
- Cliceáil an cnaipe **Cuir Isteach Air Anois**.
- Cuir an fhoirm i gcrích.
- Déan do PDF comhcheangailte aonair a uaslódáil.
- Déan an tseiceáil Captcha a chríochnú agus cliceáil **Cuir Isteach d'Iarratas**.

•

Cuir **seoladh ríomhphoist bailí a dhéantar monatóireacht air** ar fáil. Úsáidfear an ríomhphost mar admháil ar d'iarratas agus mar phríomhbhealach teagmhála chun teagmháil a dhéanamh le hiarrthóirí.

**Spriocdháta le haghaidh Iarratas**

## Ní mór iarratais a fháil tráth nach déanaí ná 17:00 Dé hAoine, an 14 Samhain 2025

**Ní ghlacfar le foirmeacha iarratais déanacha.** Cloífear leis an dáta agus an t-am go dian, agus dá bhrí sin, tá an fhreagracht ar an iarrthóir a chinntiú go bhfaightear an t-iarratas roimh an spriocdháta. **Beidh dícháiliú iarrthóirí mar thoradh ar chanbhasáil.**